# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

30 Iúil 2020


### SCÉIM SÍOL: EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá SÍOL scéim urraíocht de chuid Ealaín na Gaeltachta, ar oscailt faoi láthair. Is scéim straitéiseach atá ann, dírithe ar ghrúpaí agus ar dhaoine aonair sna ceantair Ghaeltachta le deis a thabhairt dóibh cothú agus forbairt a dhéanamh ar na healaíona san Gaeltacht. Faoin scéim, d'fhéadfaí forbairt gairme agus oiliúint faoi leith a fháil nó tacaíocht a fháil le seoladh dlúthdhiosca, ach oiread le go leor roghanna eile. Tá buiséad suas le €1,000 ar fáil mar chuid den scéim. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an áisitheoir ealaín i do cheantar. Tá sonraí teagmhála na n-áisitheoirí ar an suíomh idirlín: www.ealain.ie

Scéim Síol

### COMHGHAIRDEACHAS ÉANNA Ó CURRAOIN!

Comhghairdeachas ó chroí le hÉanna Ó Curraoin scoláire as Coláiste Cholmcille in Indreabhán, a bhain áit amach i gcraobh chomórtas an chláir '*An Séaladh a Bhriseadh*'! Bíonn an comórtas á reáchtáil ag Ollscoil Éireann Gaillimh do scoláirí Ardteiste. Rinne Éanna taighde maidir le Tubaiste Searnóbail 1986 agus fuair sé áit sa gcraobh de bharr a shaothar. Guíonn muid chuile rath ar Éanna agus é ag dul in iomaíocht le scoláirí eile as Gaillimh, Sligeach agus Ros Comáin ar an Déardaoin 30/07. Go n-éirí go geal leis!




### FLEADH 2020

Bhí Fleadh Cheoil na hÉireann le filleadh ar an Muileann Cearr i mbliana - áit ar tharla an chéad Fhleadh Ceoil ariamh i 1951. Cuma eile ar fad a bheas ar Fhleadh Cheoil na hÉireann 2020! Sraith cláracha a chraolfar thar cheithre oíche as a chéile ó 6-9 Lúnasa ar TG4 @ 9:30i.n. a bheas ann. As an Muileann gCearr a chraolfar iad. Is iomaí sin ceoltóir agus amhránaí a bheas le cloisteáil ó chuile thaobh den tír, agus beidh cuairteoirí ceolmhara, fíorúla ann ó Bhrisbane, Nua Eabhrac agus as Tóiceo féin! Beidh mír mhachnamhach ar an gclár chuile oíche chomh maith, áit a ndéanfar plé maidir le tábhacht agus tionchar na fleá. Doireann Ní Ghlacáin, Daithí Ó Sé agus Kieran Hanrahan a bheas á léiriú.



### POST: EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá post mar oifigeach cúnta, ar chonradh dhá bhliain, á thairiscint ag Ealaín na Gaeltachta. Beidh sé de chúram ag an té a cheapfar tacú leis an gclár oibre ealaín atá a chur i bhfeidhm ag Ealaín na Gaeltachta cheana féin. In Ard-Oifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha atá an post. Tá na sonraí poist ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le hEalaín na Gaeltachta ag 0749560100 nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig ealain@udaras.ie. An Luan 10ú Lúnasa an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh ar an bpost.

### TEANGA TÍ

**Teanga Tí** an suíomh nua gréasáin a seoladh le gairid le tacú le teaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge. **Glór na nGael** atá á riaradh le go mbeidh sé ina áis do thuismitheoirí a shocraíonn a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge. Is áit lárnach í le heolas ar na dea-chleachtais is fearr, ar acmhainní tacaíochta agus spraoi chomh maith le heolas faoi imeachtaí do theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge a fháil. Is féidir níos mó eolais a fháil ar an suíomh féin: www.teangati.ie

### MICIL I MBUN MACHNAIMH

'Sé Pádraic Ó Griallais, as Indreabhán, a bhí i mbun machnaimh le Micheál Ó Ciaraidh le deireanaí. Is iomaí sin ábhar a plé Mícheál le húinéir drioglainne *Micil:* an Ghaeilge, an meon atá aige ina leith, múinteoireacht meánscoile, ceird na scéalaíochta agus ar a fhiontar drioglainne féin ar chuid acu. Is féidir an t-agallamh a fheiceáil ar leathanach FB Fhoras na Gaeilge.